CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 176/24

**Lucsamburg, 8 Deireadh Fómhair 2024**

# Atoghadh Maciej Szpunar ina Chéad Abhcóide Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais

*Tar éis athnuachan pháirteach ar Comhaltaí na Cúirte Breithiúnais* [1]*, d'atogh a chomhghleacaithe Maciej Szpunar mar chéad Abhcóide Ginearálta na Cúirte Breithiúnais don tréimhse ón 8 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027*

**Curaclam vitae Maciej Szpunar**

Rugadh Maciej Szpunar in 1971 in Kraków (an Pholainn). Bhain sé máistreacht sa dlí amach ag an Uniwersytet Śląski (Ollscoil Silesia, an Pholainn) in 1995 agus ó Choláiste na hEorpa in Brugge (an Bheilg) in 1996. Chosain sé a thráchtas dochtúireachta sa dlí in 2000, agus rinne sé Iardhochtúireacht san Eolaíocht Dhlíthiúil in 2009, ansin ceapadh é mar ollamh le dlí in 2013 ag an Uniwersytet Śląski. In 1998, mar thoradh ar a chuid oibre ollscoile chuaigh sé go Jesus College in Cambridge (an Ríocht Aontaithe) mar "Visiting Scholar", ansin chuig Ollscoil Liège (an Bheilg) in 1999 agus chuig an Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans (an Iodáil) in 2003.

In 2001, chuaigh sé isteach go Barra Katowice chun dul i mbun ghairm an dlíodóra, áit ar oibrigh sé go dtí 2008. Ba ag an am seo freisin go raibh sé mar chuid de choiste dlí idirnáisiúnta príobháideach an choimisiúin do chódú an dlí shibhialta in Aireacht Dlí agus Cirt na Polainne.

Bhí post aige mar Leas-Státrúnaí den Choiste um Lánpháirtiú Eorpach (an Pholainn) ó 2008 go 2009, sula ndeachaigh sé isteach in Aireacht Ghnóthaí Eachtracha na Polainne idir 2010 agus 2013. Le linn na dtrí bliana sin, rinne sé ionadaíocht thar ceann rialtas na Polainne mar ghníomhaire i líon mór cásanna os comhair chúirteanna an Aontais.

Agus é fós ceangailte le réimse an taighde ollscoile, bhí sé mar chuid den bhord eagarthóireachta de roinnt tréimhseachán dlí, a thug deis dó iliomad foilseachán a scríobh i réimse dhlí na hEorpa agus I réimse an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh.

Ceapadh an tUasal Szpunar mar Abhcóide Ginearálta sa Chúirt Bhreithiúnais ar an 23 Deireadh Fómhair 2013. Ceapadh é ina chéad Abhcóide Ginearálta ar an 11 Deireadh Fómhair 2018, toghadh é chuig na poist sin den chéad uair ar an 8 Deireadh Fómhair 2021.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

[1] Féach preaseisiúint Uimh. 174/24 an 7 Deireadh Fómhair 2024.